2026/2059

18.9.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2059 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Meán Fómhair 2026

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarraidh ón bPolainn gan an ceanglas ETCS ar bord a shuiteáil ar innill fhéinghluaiste a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026)6338)

(Is é an téacs Polainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Bealtaine 2026, chuir an Pholainn iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar neamhchur i bhfeidhm phointe 7.4.2.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún ([2]) maidir le 12 inneall féinghluaiste díosail a bheidh le húsáid ar líne uimh. 65 ('an iarraidh'). Cuireadh an iarraidh sin isteach ar bhonn Airteagal 7(1), pointe (d), de Threoir (AE) 2016/797.

(2) I bpointe 7.4.2.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 leagtar amach an ceanglas nach mór feithiclí nuathógtha a bheith feistithe agus réidh le cur i mbun oibríochta leis an gCóras Eorpach um Rialú Traenacha ('ETCS').

(3) Is é atá sa tionscadal dá dtagraítear san iarraidh ceannach 12 inneall féinghluaiste díosail ag PKP Linia Hutnicza Szerokotorowa Sp. z o.o. Beidh na feithiclí sin i gcúrsaíocht san Úcráin agus sa Pholainn ar líne uimh. 65. Is rianleithead 1 520 mm atá ag an líne sin, méid atá éagsúil le rianleithead an phríomhghréasáin iarnróid laistigh den Aontas. Níl an líne sin feistithe le ETCS taobh riain.

(4) De réir na ndoiciméad a chuir an Pholainn isteach, chun pointe 7.4.2.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 a chomhlíonadh bheadh costas breise PLN 18 000 000 i gceist, toisc go mbeadh gá le ETCS a shuiteáil sa bhreis ar an dá chóras cosanta traenacha d'Aicme B de chuid na Polainne, SHP agus an córas raidió lena ngabhann feidhm Radiostop, córais atá suiteáilte ar líne uimh. 65. Bheadh costas breise idir PLN 1 500 000 agus PLN 7 000 000 in aghaidh an chiliméadair i gceist le ETCS taobh riain a shuiteáil ar líne uimh. 65. Ní dhéantar foráil maidir le trealamh den sórt sin a shuiteáil i bplean náisiúnta na Polainne maidir le cur chun feidhme na sonraíochta teicniúla sonraíochta teicniúla le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le rialú agus ceannas agus le comharthaíocht.

(5) Mar fhoráil mhalartach, beartaíonn an Pholainn pointe 7.4.2.1.2(3)(a) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún ([3]) a chur i bhfeidhm, de réir mar a bhí i bhfeidhm go deireanach an 27 Meán Fómhair 2023. I gcomhréir leis an bhforáil sin, ní bheidh feidhm ag an gceanglas maidir le feithiclí nua a bheith feistithe le ETCS i gcás nach mbíonn na feithiclí sin i gcúrsaíocht ar chineálacha sonraithe línte. Feithiclí nach mbíonn i gcúrsaíocht ach ar líne uimh. 65, ní gá ETCS a shuiteáil orthu, toisc nach líne ardluais í an líne sin, nach líne í atá mar chuid de na conairí a shainítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/6 ón gCoimisiún ([4]), ná nach líne í lena n-áirithítear na naisc leis na príomhchalafoirt, na príomhchlóis eagraithe, na príomhchríochfoirt lasta agus na príomhlimistéir iompair lasta Eorpacha a shainítear in Airteagal 2(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/6.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2023 maidir leis na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/919 (IO L 222, 8.9.2023, lch. 380, http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1695/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/919 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2016 maidir leis an tsonraíocht theicniúil le haghaidh idir-inoibritheacht a bhaineann le fochórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht an chórais iarnróid san Aontas Eorpach (IO L 158, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/919/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/6 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2017 maidir le plean imscartha an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (IO L 3, 6.1.2017, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/6/oj).

(6) Ar bhonn an údair leis an iarraidh a chuir an Pholainn ar fáil agus na forála mhalartaí atá beartaithe, is féidir a mheas go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 7(1), pointe (d), agus in Airteagal 7(4) de Threoir (AE) 2016/797 comhlíonta i ndáil leis an 12 inneall féinghluaiste díosail nua a bheidh le húsáid ar líne uimh. 65. Dá bhrí sin, ba cheart glacadh leis an iarraidh.

(7) Tá na hinnill fhéinghluaiste atá i gceist le seachadadh faoi 2032 ar a dhéanaí. De réir phleanáil na n-athbhreithnithe teicniúla ar na hinnill fhéinghluaiste sin, tá athbhreithniú P5, lena gceanglaítear trealamh um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht a athsholáthar, beartaithe 24 bliana tar éis na héadála. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Nollaig 2056 nó go dtí go ndéanfar ETCS taobh riain a shuiteáil ar líne uimh. 65, cibé acu is túisce a tharlóidh.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste dá dtagraítear in Airteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarraidh ón bPolainn an 26 Bealtaine 2026 maidir le neamhchur i bhfeidhm phointe 7.4.2.1. d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1695 maidir leis an 12 inneall féinghluaiste a bheidh le húsáid ar líne uimh. 65, glactar leis an iarraidh sin ar choinníoll go gcuirfear an fhoráil mhalartach atá beartaithe ag an bPolainn i bhfeidhm.

Airteagal 2

Tabharfaidh an Pholainn fógra don Choimisiún gan moill mhíchuí sna cásanna seo a leanas:

(a) a luaithe a bheidh ETCS suiteáilte taobh riain ar líne uimh. 65; agus

(b) i gcás ina mbeidh faisnéis aici go bhféadfadh an neamhchur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 1 difear a dhéanamh do shábháilteacht an chórais iarnróid.

Airteagal 3

Is chuig Poblacht na Polainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2056 nó go dtí go mbeidh an fógra dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (a), tugtha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Apostolos TZITZIKOSTAS
Comhalta den Choimisiún